An Coimisiún Eorpach

DEARBHÚ MAIDIR LE COMHLÍONADH COMHSHAOIL

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AE



Glacadh i ndáiríre le rialacha comhshaoil...

Tá rialacha dlíthiúla curtha i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach — na rudaí ba chóir agus nár chóir a dhéanamh — chun buntáistí comhshaoil a chur ar fáil dúinn go léir ina n áirítear uisce glan, aer inanálaithe agus dúlra sláintiúil.

Ní mór do ghnóthaí agus do dhreamanna eile na rialacha sin a leanúint, nó mura ndéanfar sin beidh an tsochaí thíos leis mar go méadófar costais chúraim sláinte, caillfear ioncam rialtais agus beidh iomaíochas míchothrom i gcúrsaí gnó. Ghlac an Coimisiún leis an bPlean Gníomhaíochta 9 bpointe chun cabhrú le húdaráis phoiblí na rialacha a chur chun cinn, a fhaire agus á gcomhlíonadh a fhorfheidhmiú.

Ciallaíonn ***cur chun cinn*** cabhrú le gnóthaí agus le dreamanna eile an rud ceart a dhéanamh.

Ciallaíonn ***a fhaire*** cigireachtaí agus seiceálacha eile a úsáid chun faisnéis a bhailiú faoi leibhéil chomhlíontachta agus fianaise láidir a sholáthar go bhfuil forfheidhmiú ag tarlú.

Ciallaíonn ***forfheidhmiú*** stop a chur le daoine a dhéanann neamhaird de na rialacha, ag gearradh smachtbhannaí orthu agus ag cur dualgais orthu an damáiste a réiteach.

Tugtar deimhniú maidir le comhlíonadh comhshaoil ar an obair sin a dhéanann údaráis phoiblí.

Samplaí de rialacha comhshaoil

Ná déan na rudaí seo a leanas:

- Dramhaíl a dhumpáil faoin tuath
- Suiteáil thionsclaíoch a fheidhmiú gan cead comhshaoil
- Éin fhiáine a sheilg san earrach nuair a bhíonn siad ag pórú nó ar imirce

Déan na rudaí seo a leanas:

- Tabhair dramhaíl ar láimh dóibh sin atá i dteideal í a bhailiú nó a chóireáil
- Tabhair ómós do dhálaí atá leagtha amach i gcead tionsclaíoch nó i gcead eile
- Déan cóireáil ar dhramhuisce uirbeach sula scaoiltear amach é in aibhneacha nó san fharraige

Comhshaol

Tá sé mar aidhm leis na gníomhartha:

Cuidiú leis na cigirí agus leis na hoifigigh dlí fórsaí a thabhairt le chéile

Tá cigirí comhshaoil ar fud an AE ag obair le chéile cheana féin ar chomhchigireachtaí lastas dramhaíola. Féachfaidh an Coimisiún le hiarrachtaí coiteanna den sórt sin a atreisiú.

Oiliúint ghairmiúil a spreagadh

Ionas go mbeifear éifeachtach, caithfidh fios gnó agus oiliúint a bheith ag cigirí comhshaoil agus ag gairmithe eile. Tacóidh an Coimisiún le sainaithint riachtanas oiliúna.

Eolas a scaipeadh

Tá sé tábhachtach rochtain a fháil ar fhaisnéis mhaith faoin dearbhú maidir le comhlíonadh comhshaoil. Cuirfidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise ar fáil ar líne.

Cuidiú chun troid i gcoinne coiriúlachta dramhaíola agus fiadhúlra

Ní amháin go ndéanann coireacht dhramhaíola damáiste faoin tuath, baineann sé an bonn freisin den gheilleagar ciorclach. Déanann coireacht fhiadhúlra bagairt ar speicis i mbaol. Cuirfear treoir le chéile ar na bealaí is fearr chun na fadhbanna sin a chomhrac.

Comhlíonadh a chinntiú nío

Cuirfear treoir le chéile chun a áirithiú talún eile le rialacha comhshaoil fa go mbeidh cosaint ag ár n aibhneac gnáthóga agus speicis ann



Treoirlínte teicniúla a chur le chéile chun cigireachtaí a dhéanamh ar shaoráidí dramhaíola eastóscacha

Cuirfear treoracha le chéile faoin gcaoi le cigireacht a dhéanamh ar shaoráidí a úsáidtear chun dramhaíl ó mhianaigh agus ó thionscail eastóscacha eile a choinneáil, toisc gur féidir le faill tubaistí comhshaoil a chruthú.

Láimhseáil gearán ó shaoránaigh a fheabhsú

Cuirfear treoracha le chéile ar an gcaoi is fearr is féidir le húdaráis freagairt do ghearáin ó shaoránaigh. Tugann saoránaigh faisnéis luachmhar faoi dhrochiompar, rud is féidir cuidiú le húdaráis a gcúram a chomhlíonadh níos fearr.

GNÍOMH

Úsáid satailítí a fhorbairt

Tríd an gclár Copernicus, cuirfidh an Coimisiún úsáid íomhánna satailíte agus foinsí sonraí geospásúla eile chun cinn le haghaidh diúscairt neamhdhleathach dramhaíola, úsáid neamhdhleathach talún agus sáruithe eile a bhrath.

Aiseolas níos fearr a thabhairt do Bhallstáit faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leo

Tabharfaidh an Coimisiún faisnéis shaincheaptha do Bhallstáit maidir lena ndul chun cinn, ag cuidiú leo láidreachtaí agus laigí a aithint.

s fearr i gceantair thuaithe

go gcloíonn feirmeoirí agus bainisteoirí
oi dhlíthe dúlra agus uisce AE ionas
cha agus lochanna, soláthairtí uisce,
namha ar mhaithe le cách.

Cén uair, cén chaoi agus cé leis

Fráma ama

Forbrófar na gníomhartha thar an tréimhse 2018-2019.

Fóram nua ardleibhéil

Fónfaidh grúpa ardleibhéil saineolaithe chun an Plean Gníomhaíochta agus ábhair ghaolmhara a stiúradh. Leis sin tabharfar riarthóirí agus gairmithe na mBallstát a bhfuil cúraimí orthu sa réimse seo le chéile.

Oibriú i ndlúthchomhar le líonraí Eorpacha cigirí comhshaoil, póilíní, ionchúisitheoirí, breithimh agus iniúchóirí

Tógfaidh na gníomhartha ar an obair a dhéanann líonraí Eorpacha cigirí comhshaoil (IMPEL), póilíní atá speisialaithe chun coireacht chomhshaoil a chomhrac (EnviCrimeNet), ionchúisitheoirí comhshaoil (ENPE), breithimh (EUFJE) agus iniúchóirí comhshaoil (EUROSAI), dream ar fad a mbeidh dlúthbhaint acu leis an bPlean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm. Tá ról riachtanach ag na líonraí sin cheana féin ó thaobh faisnéis a roinnt.

An slabhra dearbhaithe comhlíontachta a neartú

Oibreoidh an Coimisiún chun an slabhra a nascann róil na ngairmithe difriúla sin a neartú.

In 2017, shínigh na líonraí póilíní, cigirí agus ionchúisitheoirí meamram tuisceana mar aitheantas ar bhfiúntas na ndlúth-nasc atá eatarthu sa troid i gcoinne coireachta chomhshaoil.

Tuilleadh eolais:

http://ec.europa.eu/environment/legal/compliance_en.htm

Oifig na bhFoilseachán

Print	KH-05-17-145-GA-C	ISBN 978-92-79-74396-2	doi:10.2779/287907
PDF	KH-05-17-145-GA-N	ISBN 978-92-79-74397-9	doi:10.2779/27682

© An tAontas Eorpach, 2018
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2018
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.
Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Sonraí na léaráidí: ©iStockphoto